Ceacht Leibhéil Shóisearaigh 4: Na Dainséir a bhaineann le Leictreachas – Ag Fanacht Slán

Naisc Churaclaim Links

OSCE › Fuinneamh agus Fórsaí › Maighnéadas agus Leictreachas

OSPS › Mé Féin › Sábháilteacht agus Cosaint

Cuspóirí

1. Bí ar an eolas faoi na dainséir a bhaineann le leictreachas
2. Aimsigh bealaí le bheith sábháilte timpeall leictreachais, chomh maith le suíomhanna a bheadh neamhshábháilte
3. Aimsigh conas a bheith sábháilte le leictreachas sa timpeallacht áitiúil

Acmhainní

Pinn luaidhe, páipéar A4, páipéar A4/A3 don phóstaer ranga, leideanna sábháilte Fan Slán, Fan Amach, mar chuid de phacáiste na scoile agus atá ar fáil freisin mar PDF ag **www.esbnetworks.ie/education**. Tá comharthaí dainséir leictreachais ar fáil ag **www.esbnetworks.ie/education**.

Réamhrá

Imir 'sábháilte nó neamhshábháilte' – déan cur síos ar shuíomhanna sábháilte agus neamhshábháilte le leictreachas ag baint úsáide as na leideanna sábháilte Fan Slán, Fan Amach. Iarr ar na daltaí gníomh le 'rud a mholadh' (ordóg in uachtar) a thabhairt le sábháilte a léiriú agus le 'rud a cháineadh' (ordóg in íochtair) le neamhshábháilte a léiriú. Le haghaidh aon suíomhanna neamhshábháilte iarr ar na daltaí an t-iompar sábháilte cuí a aimsiú. Mar shampla:

- "Inné, bhí eitleog á cur ar eitilt ag mo chara agus agam féin. Fuair sí greamaithe i sreang lasnairde. Smaoiníomar ar an eitleog a tharraingt anuas." An bhfuil sé seo Sábháilte nó Neamhshábháilte?
  Nóta don mhúinteoir: Cuir i gcuimhne do do dhaltaí gan dul gar do shreang leictreachais riamh.
- "Bhí mé ag súgradh sa pháirc nuair a chonaic mé sreang ar an talamh. Dúirt mé é le mo mháthair láithreach agus ghlaoigh sí uimhir Éigeandála Líonraí BSL láithreach". An bhfuil sé seo Sábháilte nó Neamhshábháilte?
  Nóta don mhúinteoir: Ná téigh gar do shreang atá tar éis titim, abair le duine fásta i gcónaí dul i dteagmháil le Líonraí BSL.

Forbairt

- Mar rang, téigh siar ar 'turraing leictreach' agus ar na leideanna sábháilte Fan Slán, Fan Amach ó cheacht 2 (féach ar an gcéad leathanach eile le haghaidh leideanna agus mínithe sábháilte). Cuir an póstaer Fan Slán, Fan Amach ar taispeáint chun cuidiú le cur i gcuimhne do na daltaí maidir leis na bealaí le bheith sábháilte timpeall leictreachais. Taispeáin dóibh freisin an comhartha dainséir leictreachais agus pléigh cad dó a seasann an comhartha.
- Agus an 'Siúlóid Leictreachais' i do cheantar áitiúil críochnaithe agat i gceacht 3, iarr ar na daltaí i ngrúpaí smaoineamh faoi aon áiteanna sa cheantar áitiúil inar gá dóibh 'Fan Sábháilte, Fan Amach' ina bhfuil leictreachas agus iad a tharraingt/scríobh síos e.g. áiteanna ina bhfuil comharthaí dainséir leictreachais, an dainséar a bhaineann le bheith i do shuí ar mhionphiléar, fanacht amach as piolón áitiúil, ag déanamh nóta den áit ina bhfuil crainn gar do shreanga lasnairde. Déan é a phlé mar rang agus cruthaigh póstaer – 'Conas a fhanfaimid sábháilte áit a bhfuil leictreachas in (Ainm an cheantair áitiúil)'.

Clabhsúr

- Tabhair leathanach A4 do gach dalta, agus iarr orthu ceann amháin de na leideanna sábháilteachta Fan Sábháilte, Fan Amach a roghnú agus póstaer a chruthú leis an teachtaireacht a thabhairt do leanaí eile maidir leis an gcaoi le fanacht sábháilte timpeall leictreachais. Spreag iad chun teachtaireacht amháin shoiléir a thabhairt, ag baint úsáide as pictiú(i)r chun í a threisiú.
- Is féidir na póstaeir seo a chur isteach sa chomórtas Fan Sábháilte, Fan Amach i gcomhar le Líonraí BSL. Gheobhaidh na hiontrálaithe a bhuann duaiseanna dóibh féin agus dá scoil agus beidh siad i bhféilire a chuirfear chuig Bunscoileanna ar fud na tíre.

***Ná déan dearmad Fan Slán i gcónaí le leictreachas agus Fan Amach uaidh!**

Ceacht Leibhéil Shóisearaigh 4: Na Dainséir a bhaineann le Leictreachas – Ag Fanacht Slán

Gníomhaíocht Bhreise

Iarr ar dhaltaí a léiriú ina gcóipleabhair, bealach le bheith sábháilte timpeall leictreachais e.g. Sreang atá tar éis titim: Sábháilte – Duine ag glaoch ar Líonraí BSL. Is féidir le daltaí i Rang a hAon agus i Rang a Dó lipéid a chur ar a bpictiúir agus alt gearr a scríobh faoin gcaoi le bheith sábháilte timpeall leictreachais.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gcomórtas agus le haghaidh níos mó acmhainní éagsúla maidir le leictreachas téigh chuig www.esbnetworks.ie/education.

Fan Sábháilte, Fan Amach i gcomhar le Líonraí BSL – Leideanna Sábháilteachta

Fan amach as áiteanna a bhfuil comhartha dainséir le feiceáil

Tá an comhartha dainséir ansin mar rabhadh go bhfuil rud éigin díobhálach (a d'fhéadfadh tú a mharú) mura mbíonn tú cúramach. Feicfidh tú comharthaí dainséir, mar shampla, ar chuaillí leictreachais, piolóin, stáisiúin leictreachais agus mionphiléir (ar na cosáin).

Ná téigh suas crainn gar do shreanga lasnairde riamh

Fan amach as gach sreang lasnairde agus ná téigh suas crainn in aice leo. Fiú mura leagann tú do lámh ar na sreanga lasnairde, d'fhéadfadh an leictreachas 'léim' tríd an aer agus tú a leictreamharú.

Ná cuir eitleoga, héileacaptar ná dróin ag eitilt gar do shreanga lasnairde riamh

Ná cuir eitleoga ag eitilt gar do shreanga lasnairde riamh – scaoil léi! Má ghreamaíonn sí, fág ansin í agus glaoigh ar Líonraí BSL ar 1800 372 999 nó ar na Gardaí. Má tá sreang na heitleoige ag crochadh síos ná leag do lámh uirthi, toisc gur féidir le leictreachas taisteal tríd an sreang.

Ná bí ag iascaireacht gar do shreanga lasnairde riamh

Nuair a bhíonn tú ag iascaireacht, fan amach as sreanga lasnairde. Má thagann slat iascaireachta i dteagmháil leis an sreang nó gar di, d'fhéadfadh leictreachas taisteal tríd an slat agus tú a ghortú nó tú a mharú. Bain do shlat as a céile i gcónaí agus tú ag bogadh ar aghaidh ó áit amháin go dtí áit eile.

Ná téigh gar do shreang atá tar éis titim, abair le duine fásta é

Ná leag do lámh ar shreanga atá tar éis titim ná ná téigh gar dóibh riamh. Abair le duine fásta é agus glaoigh ar Líonraí BSL ar 1800 372 999.

Ná téigh suas piolón riamh

Tá sé an-dainséarach dul suas ar phiolóin. Fiú mura leagann tú lámh ar na sreanga lasnairde, d'fhéadfadh an leictreachas 'léim' tríd an aer agus tú a leictreamharú.

***Ná déan dearmad dul chuig www.esbnetworks.ie/education le haghaidh níos mó acmhainní éagsúla maidir le leictreachas.**